Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Achair ama:
# An tAm atá Thart a Iniúchadh, Ag Dul i nGleic leis an Am i Láthair, An Todhchaí a Shamhlú




cc BY NC

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Uasdáthaithe maidir leis an tSraith Shóisearach agus an tSraith Shinsearach

CC BY NC

# Dátaí MRB

Oide

## Cohórt Scoláirí 2023 – 2026 (an scoláire sa tríú bliain in 2025/2026)

### Measúnú Rangbhunaithe 2 i mBéarla, Eolaíocht, Staidéar Gnó, Nuatheangacha Iasachta, Matamaitic, Stair, Tíreolaíocht, Léann Clasaiceach, Oideachas Reiligiúin, Staidéar Giúdach

| | |
|---|---|
| An dáta deiridh chun é a chur i gcrích | Déardaoin, 12 Márta, 2025 |
| An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha | Dé Luain, 23 Márta, 2025 |
| An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh | Dé hAoine, 27 Márta, 2025 |

Tabhair faoi deara le do thoil, go bhfuil an dáta deiridh le haghaidh chur i gcrích MRB1 i ngach ábhar i mí na Bealtaine 2025, caite anois

## Cohórt Scoláirí 2024 – 2027 (an scoláire sa dara bliain in 2025/2026)

### Measúnú Rangbhunaithe 1 i ngach ábhar

| | |
|---|---|
| Tréimhse ina bhfuil sé le cur i gcrích | Dé Luain, 3 Samhain, 2024 – Dé hAoine, 8 Bealtaine, 2025 |
| An dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí sealadacha | Dé Céadaoin, 13 Bealtaine, 2025 |
| An dáta deiridh chun an tAthbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a chur i gcrích agus an dáta deiridh a mbronnfaidh an múinteoir tuairisceoirí deiridh | Dé Céadaoin, 20 Bealtaine, 2025 |

# Comhpháirteanna Measúnaithe Do Scrúduithe nSraithe Sóisearaí 2026

Oide

**AN TSRAITH SHÓISEARACH** **STAIR**

| LEIBHÉAL | SOCRÚ RÉAMH-CHOIGEARTAITHE | COIGEARTUITHE LE HAGHAIDH 2026 |
|---|---|---|
| | **COMHPHÁIRT(EANNA)** | **COMHPHÁIRT(EANNA)** |
| Comhleibhéal | Tá Tasc Measúnaithe agus Scrúdú Scríofa a mharcáiltear go seachtrach i gceist leo go léir. | Ní dhéanfar scrúdú ar an Tasc Measúnaithe in 2026.<br><br>Ní dhéanfar an Scrúdú Scríofa a choigeartú. |




Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Comhpháirteanna Measúnaithe Do na hArdtesitiméireachta 2026

Oide



AN TSRAITH SHINSEARACH **STAIR**

| LEIBHÉAL | SOCRÚ RÉAMH-CHOIGEARTAITHE | COIGEARTUITHE LE HAGHAIDH 2026 |
|---|---|---|
| Ard | **TST (TUARASCÁIL AR STAIDÉAR TAIGHDE)** | **TST (TUARASCÁIL AR STAIDÉAR TAIGHDE)**<br>Níl aon choigeartú déanta.<br>Toisc gur eisíodh na treoracha don obair chúrsa seo i scoilbhliain 2024/25, beidh an gnáthsceideal chun í a chríochnú i bhfeidhm. |
| | **SCRÚDÚ SCRÍOFA**<br>Cuid 1: Ceist Bunaithe ar Dhoiciméad (CBD) (100 marc).<br>Cuid 2: Freagair ceist amháin ó thopaic amháin ar Stair na hÉireann (100m).<br>Cuid 3: Freagair ceist amháin ó gach ceann de dhá thopaic ar an Eoraip agus an Domhan Mór (2 x 100m). | **SCRÚDÚ SCRÍOFA**<br>Féadfaidh iarrthóirí an páipéar a fhreagairt ar an ngnáthbhealach, más mian leo.<br>NÓ<br>Cuid 1: freagair an CBD mar is gnách. Cuid 2 agus Cuid 3: freagair trí cheist ó dhá thopaic i gCuid 2: Éire agus Cuid 3: An Eoraip agus an Domhan Mór, mar atá leagtha amach thíos. Ciallaíonn sé sin go bhfreagródh iarrthóirí dhá cheist ó cheann dá dtopaicí roghnaithe. D'fhéadfadh iarrthóir cinneadh a dhéanamh ceann amháin de na meascáin a leanas a fhreagairt:<br>• Dhá fhreagra ó thopaic amháin a bhaineann le hÉirinn agus freagra amháin ó thopaic a bhaineann leis an Eoraip agus an Domhan Mór.<br>• Freagra amháin ó thopaic amháin a bhaineann le hÉirinn agus dhá fhreagra ó thopaic amháin a bhaineann leis an Eoraip agus an Domhan Mór.<br>• Na trí fhreagra ar fad ó dhá thopaic a bhaineann leis an Eoraip agus an Domhan Mór. |



AN TSRAITH SHINSEARACH **STAIR**

| LEIBHÉAL | SOCRÚ RÉAMH-CHOIGEARTAITHE | COIGEARTUITHE LE HAGHAIDH 2026 |
|---|---|---|
| Gnáth | **TST (TUARASCÁIL AR STAIDÉAR TAIGHDE)** | **TST (TUARASCÁIL AR STAIDÉAR TAIGHDE)**<br>Níl aon choigeartú déanta.<br>Toisc gur eisíodh na treoracha don obair chúrsa seo i scoilbhliain 2024/25, beidh an gnáthsceideal chun í a chríochnú i bhfeidhm. |
| | **SCRÚDÚ SCRÍOFA**<br>Cuid 1: Ceist Bunaithe ar Dhoiciméad (CBD) (100 marc).<br>Cuid 2: Freagair Cuid A, Cuid B agus Cuid C ó thopaic amháin ar Stair na hÉireann (100m).<br>Cuid 3: Freagair Cuid A, Cuid B agus Cuid C as dhá thopaic a bhaineann leis an Eoraip agus an Domhan Mór (2 x 100m). | **SCRÚDÚ SCRÍOFA**<br>Féadfaidh iarrthóirí an páipéar a fhreagairt ar an ngnáthbhealach, más mian leo.<br>Nó<br>Cuid 1: freagair an CBD mar is gnách. Cuid 2 agus Cuid 3: freagair trí shraith ceisteanna ó dhá thopaic ó Chuid 2: Éire agus Cuid 3: An Eoraip agus an Domhan Mór. Ciallaíonn sé seo go bhfreagródh iarrthóirí dhá cheist ó Chuid B agus dhá cheist ó Chuid C i gceann dá dtopaicí roghnaithe. Ós rud é go mbeadh ceisteanna Chuid A sa topaic sin freagartha ag an iarrthóir cheana féin, cuirfear Cuid A bhreise (ábhar spreagtha le cúig cheist) ar fáil ar lch. 15 den scrúdpháipéar. D'fhéadfadh iarrthóir cinneadh a dhéanamh an scrúdpháipéar a chríochnú ar cheann de na bealaí a leanas:<br>• Freagair Codanna A, B, agus C ó thopaic amháin a bhaineann le hÉirinn agus ó thopaic amháin a bhaineann leis an Eoraip agus an Domhan Mór. Freagair ceist eile ó Chuid B agus ó Chuid C den topaic chéanna a bhaineann le hÉirinn agus an Chuid A bhreise ar lch. 15 den scrúdpháipéar.<br>• Freagair Codanna A, B, agus C ó thopaic amháin a bhaineann le hÉirinn agus ó thopaic amháin a bhaineann leis an Eoraip agus an Domhan Mór. Freagair ceist eile ó Chuid B agus ó Chuid C den topaic chéanna a bhaineann leis an Eoraip agus an Domhan Mór agus an Chuid A bhreise ar lch. 15 den scrúdpháipéar.<br>• Freagair Codanna A, B agus C ó dhá thopaic a bhaineann leis an Eoraip agus an Domhan Mór. Freagair ceist eile ó Chuid B agus ó Chuid C ó cheann de na topaicí seo agus an Chuid A bhreise ar leathanach 15 den scrúdpháipéar. |




Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

Oide

| | |
|---|---|
| Tráinse 1 ag tosú 2025 | Bitheolaíocht, Ceimic, Fisic, Araibis, Laidin, Sean-Ghréigis, Gnó, Dramaíocht, Scannánaíocht agus Amharclannaíocht agus Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe |
| Tráinse 2 ag tosú 2026 | Cuntasaíocht*, Staidéar Foirgníochta, Innealtóireacht Béarla*, Tíreolaíocht Nascmhodúil GCAT, Corpoideachas<br>***Tá tabhairt isteach na n-ábhar seo curtha siar go dtí Meán Fómhair 2027 ar a laghad.** |
| Tráinse 3 ag tosú 2027 | Eolaíocht Ríomhaireachta, Grafaic Dearaidh agus Cumarsáide, Stair, Eacnamaíocht Bhaile, Matamaitic Ceol, agus Fisic agus Ceimic |
| Tráinse 4 ag tosú 2028 | Ealaín, Eacnamaíocht, Fraincis, Gaeilge, Gearmáinis Iodáilis, Polaitíocht agus an tSochaí, Spainnis, agus Teicneolaíocht |
| Tráinse 5 ag tosú 2029 | Matamaitic Fheidhmeach Léann Clasaiceach Seapáinis Liotuáinis Sínis Mandairínis Polainnis Portaingéilis Oideachas Reiligiúnach, agus Rúisis |

- Tháinig an mheitheal forbartha do Stair na hArdteistiméireachta le chéile ar an 30 Meán Fómhair 2024
- Dréacht-sonraíochtaí ábhar – Fómhar 2026
- Sa bhreis ar an scrúdú deiridh, beidh Comhpháirt Mheasúnaithe Bhreise (CMB) i ngach ábhar a mbeidh ar a laghad 40% de na marcanna atá ar fáil ag gabháil léi

SCAN ANSEO

https://ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach/athfhorbairt-na-sraithe-sinsearai/sceideal-dabhair-na-sraithe-sinsearai-le-haghaidh-athfhorbartha/

# Senior Cycle History Case Studies

Oide

Topaic 2 na hArdteistiméireachta: Gluaiseachtaí um athchóiriú polaitiúil agus sóisialta, 1870-1914, cás-staidéir dhoiciméadbhunaithe 2026-2027.

- Toghcháin 1885 agus 1886: saincheisteanna agus torthaí
- Cumann Lúthchleas Gael go dtí 1891
- Baile Átha Cliath 1913: stailc agus frithdhúnadh

Oide

# Tacaíochtaí Breise

Tabhair cuairt ar ár láithreán gréasáin
www.oide.ie

Déan teagmháil le:
eolas@oide.ie

Glac síntiús linn chun an nuacht is déanaí a fháil.

Lean muid ar X
@Oide_History

# Seisiúin an lae inniu

Oide



Seisiún 1:
Saothar an staraí
agus ag plé le stair íogair



Seisiún 2:
Athmhachnamh ar an
Seomra Ranga Staire:
An Deis IB




Seisiún 3:
Conairí chun Cinn:
Ceardlanna Féintreoraithe
agus Pleanáil don Todhchaí

# Sosanna

Oide



Sos caife
11.00 – 11.20



Lón sos
13.00 – 14.00

# Fócas an tseisiúin



Saothar an staraí




Stair béil agus ag dul i ngleic le saincheisteanna íogaire

# Amlíne na foghlama

Oide



# EFG 2024/2025: Tacú le scileanna éifeachtacha taighde i measc ár gcuid scoláirí Staire

Oide



Seisiún 1:
Tús a chur le Taighde




Seisiún 2:
Tacú le Meastóireacht Foinsí




Seisiún 3:
Measúnú foirmitheach agus aiseolas a úsáid chun tacú le scileanna taighde an scoláire



# Seisiún 1:
# ‘Tá scéalta difriúla againn, fírinní difriúla, ach caithfear iad ar fad a insint'.

REDRESS: Ireland's Institutions and Transitional Justice, edited by Katherine O’Donnell, Maeve O’Rourke, James M.

Smith, Dublin lch. 14

CC BY NC

# Réasúnaíocht

Oide




“Cuireann an fhoghlaim sa réimse curaclaim seo le hidirghníomhaíocht na bpáistí lena bpiaraí agus le baill de phobal na scoile chun a gcuid smaointe a chur in iúl, ag cur ar a gcumas feasacht a fhorbairt maidir le conas breathnú ar, éisteacht le agus meas a léiriú ar thuairimí daoine eile.” Ich. 5

Toradh Foghlama 1.5 “fiosrú a dhéanamh ar phost an staraí, lena n-áirítear an chaoi a n-aimsíonn sé/sí fianaise agus a úsáideann sé/sí fianaise chun breithiúnais stairiúla a dhéanamh a d’fhéadfaí a athrú de réir mar a thiocfadh fianaise nua chun cinn.” Ich. 18

“Tá ionbhá i leith na staire ag croílár an chur chuige ilpheirspictíochta. Ceann de na cuspóirí atá ag an siollabas ná gur chóir go mbeadh daltaí in ann ‘amharc ar cheist chonspóideach trí níos mó ná súil amháin’.” Ich. 53

# Comhfhiosacht faoin stair a fhorbairt

Trí iniúchadh a dhéanamh ar an saol atá thart ó pheirspictíocht stairiúil, forbraíonn an scoláire spéis agus dúil sa stair freisin agus faigheann sé luachanna agus cuir chuige a mhúnlaíonn a thuairim maidir le daoine sa saol atá thart, lena n-áirítear meas ar oidhreacht agus ar a oidhreacht chultúrtha, agus forbraítear ionbhá stairiúil ann, áit a dtugtar breithiúnas ar dhaoine i gcomhthéacs na tréimhse inar mhair siad agus bunaithe ar luachanna an ama sin..

Stair na Sraithe Sóisearaí Ich. 6



# An staraí ag obair:

- Ról na fianaise i dtaighde staire agus i scríobh na staire
- Na príomh-éagsúlachtaí fianaise stairiúla
- Na príomhstóir fhianaise stairiúla
- An chaoi a cheistíonn an staraí corpas fianaise
- Na céimeanna éagsúla de thaighde staire
- Ar thóir na hoibiachtúlachta
- Réidhe an staraí maidir lena t(h)uiscint ar imeachtaí a athbhreithniú de dheasca fhianaise nua nó  léargas nua
- Cineál casta an athraithe staire agus an dúshlán a ghabhann lena dinimic a mhíniú

Siollabas Staire Ich. 12



# An t-am atá thart

Oide

Ní scaoileann an t-am a chuaigh thart a chuid rún go toilteanach: ní mór do staraithe na foinsí a mbíonn an t-eolas atá againn ar an am a chuaigh thart ag brath orthu a cheistiú sular féidir leo fianaise a sholáthar ar ócáidí agus ar shochaithe ón stair.…

… gan fianaise, ní bhíonn aon bhunús le breithiúnais staire agus bíonn ceisteanna an staraí fágtha gan freagra go dtí go n-aimsítear foinsí fianaise. Is féidir go mbeidh athbhreithniú le déanamh ar léirmhíniúcháin ar fhianaise atá ar fáil má thagann agus nuair a thagann fianaise úr chun solais: ar an dóigh sin bíonn eolas ar an stair sealadach i dtólamh...

Lch. 8


AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

AN ARDTEISTIMÉIREACHT

AN STAIR

DRÉACHT-THREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ

# Staraí/staraithe i bhfócas

Oide

- An bhféachann tú ar staraithe ar leith le do chuid scoláirí?
- Cén chaoi a meallann tú do chuid scoláirí ról an staraí a ghlacadh orthu féin?
- Cad iad na deiseanna atá ag do chuid scoláirí scileanna an staraí a fhorbairt?



# Staraí i bhfócas: Catherine Corless




Catherine Corless,
Staraí,
Contae na Gaillimhe

Cad é a sheasann amach duit faoi shaothar an staraí ón bhfíseán seo?

Cliceáil chun breathnú

# Startha Deacra a Thuiscint: An fáth a bhfuil comhthéacs agus guth tábhachtach

- **Startha Deacra a Thuiscint:** Éilíonn staidéar ar imeachtaí casta ón am atá caite, ar minic ceangailte le tráma sochaíocha iad, íogaireacht i leith léirmhínithe agus insintí éagsúla. Múnlaíonn na startha seo cuimhne chomhchoiteann agus bíonn tionchar acu ar an tsochaí chomhaimseartha.
- **Comhthéacs:** Chun anailís a dhéanamh ar imeachtaí stairiúla, ní mór tuiscint a fháil ar na comhthéacsanna soch-pholaitiúla agus cultúrtha inar tharla na himeachtaí sin. Cuidíonn an comhthéacs le spreagthaí agus iarmhairtí a shoiléiriú ar mó iad na fíricí amháin.
- **Guth:** Tá sé ríthábhachtach aird a tharraingt ar ghuthanna imeallaithe in insintí stairiúla. Trí chuntais phearsanta a roinnt faightear tuiscint níos iomláine ar an am atá thart, agus cothaítear ionbhá agus feasacht i measc éisteoirí.



# Cén fáth a bhfuilimid ag déanamh staidéir air seo?

Oide

- **Scéalta Difriúla:** Leiríonn iolrachas na n-insintí atá ann i gcomhthéacsanna stairiúla an chaoi a múnlaíonn peirspictíochtaí éagsúla ár dtuiscint ar an fhírinne.
- **Tábhacht na Scéalaíochta:** Feidhmíonn an scéalaíocht mar mheicníocht chun cultúr a chaomhnú, eolas a aistriú, agus nasc a chothú idir ghlúin amháin agus glúin eile, agus fágann sin barrthábhachtach í chun an stair a thuiscint.
- **Fírinní Éagsúla a Thuiscint:** Má aithnítear go bhfuil gach insint bailí ina chomhthéacs féin, is féidir linn castacht na n-imeachtaí stairiúla a thuiscint agus róshimpliú a sheachaint.



# Cén fáth ar cheart iniúchadh a dhéanamh ar startha nach bhfuil chomh haitheanta sin?

Oide

## Fócas ar Stair Áitiúil

Trí scrúdú a dhéanamh ar thrámaí stairiúla laistigh de láithreacha sonracha faightear léargas luachmhar ar insintí níos leithne na héagóra a bhíonn le fulaingt ag comhphobail.



## Eisiamh agus Tost

Trí aird a tharraingt ar scéalta grúpaí imeallaithe a fhágtar amach as insintí príomhshrutha go minic, caitear léas ar shaincheisteanna sistéamacha a chaithfear a aithint.

## Ábharthacht Chomhthéacsúil

Ach tuiscint a fháil ar startha áitiúla feabhsaítear ár dtuiscint ar insintí náisiúnta agus ar an dinimic shochpholaitiúil atá in Éirinn.

# Cleachtas an tseomra ranga

- Cén t-ullmhúchán a dhéanann tú sula dtosaíonn tú ar ábhair a d'fhéadfadh a bheith íogair nó conspóideach?

- Conas a chruthaíonn tú spásanna éifeachtacha i do sheomra ranga do scoláirí le bheith ag obair le chéile?



# Cur chuige i leith saincheisteanna íogaire a mhúineadh

Oide

- Conradh ranga
- Cur chuige il-pheirspictíochta
- Insintí ceilte
- Foinsí
- Úsáid téarmaíochta
- Cur chuige ar bhonn fiosraithe
- Comhthéacs stairiúil
- Smaointeoireacht chriticiúil
- Machnamh



# EFG 2023/2024: Rannpháirtíocht na scoláirí le Foinsí Stairiúla a Fheabhsú

## Tóg Dearcadh

**Torthaí Foghlama i bhfócas:**
1.7ionbhá stairiúil a chothú trí fhéachaint ar dhaoine, ar shaincheisteanna agus ar eachtraí ar thángthas trasna orthu ina staidéar ar an am atá thart i gcomhthéacs na tréimhse sin sa stair
1.2 machnamh a dhéanamh ar shaincheisteanna móra conspóideacha sa stair ó níos mó ná peirspictíocht amháin agus plé a dhéanamh ar chúiseanna stairiúla na n-ábhar conspóideach sa domhan nua-aimseartha
2.7 iniúchadh a dhéanamh ar chúisí, cúrsa agus iarmhairtí an Ghorta, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus fiosrú a dhéanamh ar thábhacht an Diaspóra Éireannaigh

**Ullmhúchán:**
- Cruthaigh do phróifílí carachtar agus na cinntí atá ar fáil do gach duine acu
- Is féidir na samplaí atá cruthaithe againn thíos a úsáid
- Déan cinneadh an mbreathnóidh an rang ar charachtar amháin i ngach grúpa nó an bhféadfadh grúpaí éagsúla carachtair éagsúla a phlé.

**Céimeanna Gníomhaíochta:**
1. Roinn na próifílí carachtar leis na scoláirí i do rang.
2. Breithníonn scoláirí na cinntí atá ar fáil dóibh agus déanann siad a gcuid roghanna.
3. Ina ngrúpaí, cruthaíonn na scoláirí a gcuid argóintí chun tacú lena dtuairim.
4. Cuireann na scoláirí a gcuid argóintí i láthair an ranga agus déanann siad comparáid idir na cinntí s'acu agus cuid na ngrúpaí eile.
5. Tar éis chur i láthair gach grúpa, déanann na scoláirí machnamh cé acu a d'athródh siad a gcinneadh bunaithe ar an argóint a chuireann daoine eile i láthair..

**Treoracha cinnteoireachta:**
1. Léigh do phróifíl charachtair agus na cinntí atá ar fáil dóibh.
2. Cuir na cinntí in ord de réir mar a chreideann tú go roghnódh do charachtar iad. Tabhair údar le do chúiseanna.

## Peirspictíochtaí ar Phearsantachtaí Stairiúla

The purpose of this methodology is to ask students to consider how and why a historic personality may be viewed differently by different people. The focus of the activity can be on perspectives at the time the person lived or from our contemporary perspectives.

**Torthaí Foghlama i bhfócas**
1.7 breithiúnais stairiúla a dhéanamh bunaithe ar fhianaise faoi phearsa, saincheisteanna agus eachtraí san am atá thart, ag léiriú feasachta maidir le tábhacht stairiúil

Ó do chuid foghlama an féidir leat cúiseanna a mholadh cén fáth ar bhreathnaigh daoine áirithe go diúltach ar an bpearsa stairiúil seo ag an am sin agus inár saol sa lá atá inniu ann?

Ó do chuid foghlama an féidir leat cúiseanna a mholadh cén fáth ar bhreathnaigh daoine áirithe go dearfach ar an bpearsa stairiúil seo ag an am sin agus inár saol sa lá atá inniu ann?







## Gníomhaíocht na Séadchomharthaí

| Séadchomhartha | Coinnigh/Bain/Athraigh | Réasúnaíocht |
| --- | --- | --- |
|  Sean Russell, Páirc Fhionnradhairc, Baile Átha Cliath | | |
|  Prionsa Albert, Teach Laighean, Baile Átha Cliath | | |
|  An gceapann tú gur chóir go mbeadh níos mó dealbh de mhná ann? | | |

# Gníomhaíocht 2: Ár Spás Cróga




Is féidir linn é seo a dhéanamh inár n-áit chróga trí na rudaí seo a leanas...

NCCA Oide

# Gníomhaíocht 2: Ár Spás Cróga




Is féidir linn é seo a dhéanamh inár n-áit chróga trí na rudaí seo a leanas...

# Gníomhaíocht 2: Ár Spás Cróga




Is féidir linn é seo a dhéanamh inár n-áit chróga trí na rudaí seo a leanas...

# Gníomhaíocht 2: Ár Spás Cróga




Is féidir linn é seo a dhéanamh inár n-áit chróga trí na rudaí seo a leanas...

# Gníomhaíocht 2: Ár Spás Cróga

**Smaointeoireacht chriticiúil**

**Smaoineamh go domhain**

**A bheith fiosrach**

**Anailísiú agus measúnú**

**A bheith cruthaitheach**

Is féidir linn é seo a dhéanamh inár n-áit chróga trí na rudaí seo a leanas...

# Gníomhaíocht 2: Ár Spás Cróga




Is féidir linn é seo a dhéanamh inár n-áit chróga trí na rudaí seo a leanas...

# 1 Nádúr na Staire

Torthaí Foghlama Stair na Sraithe Sóisearaí

### Comhfhiosacht faoin stair a fhorbairt

1.1 ionbhá stairiúil a chothú trí fhéachaint ar dhaoine, ar shaincheisteanna agus ar eachtraí ar thángthas trasna orthu ina staidéar ar an am atá thart i gcomhthéacs na tréimhse sin sa stair

1.2 machnamh a dhéanamh ar shaincheisteanna móra conspóideacha sa stair ó níos mó ná peirspictíocht amháin agus plé a dhéanamh ar chúisí stairiúla na n-ábhar conspóideach sa domhan nua-aimseartha

1.3 suntas a thabhairt ar a stair chultúrtha trí shuíomhanna agus foirgnimh stairiúla a aithint agus plé a dhéanamh ar an bhfáth a ndéantar comóradh ar phearsana, eachtraí agus saincheisteanna stairiúla

1.4 tuiscint a léiriú ar choincheapa stairiúla ar nós foinse agus fianaise; fíoras agus tuairimíocht; claontacht agus oibiachtúlacht; cúis agus iarmhairt; athrú agus leanúnachas; an t-Am agus spás

### Obair le fianaise

1.5 fiosrú a dhéanamh ar phost an staraí, lena n-áirítear an chaoi a n-aimsíonn sé/sí fianaise agus a úsáideann sé/sí fianaise chun breithiúnais stairiúla a dhéanamh a d'fhéadfaí a athrú de réir mar a thiocfadh fianaise nua chun cinn

1.6 tairbhe agus teorainneacha na gcineálacha difriúla bunfhoinsí agus foinsí tánaisteacha stairiúla a phlé, cosúil le fianaise i bhfoirm scríbhinn, fianaise físe, cluasfhianaise, fianaise ó bhéal agus fianaise thadhlach; tuiscint a bheith aige ar thábhacht na seandálaíochta agus na teicneolaíochta nua ar fiosrú stairiúil

1.7 breithiúnais stairiúla a dhéanamh bunaithe ar fhianaise faoi phearsa, saincheisteanna agus eachtraí san am atá thart, ag léiriú feasachta maidir le tábhacht stairiúil

1.8 tuairisc a dhéanamh ar stór fianaise stairiúil cosúil le músaem, leabharlann, ionad oidhreachta, cartlann nó taispeántas digiteach nó cartlann nó taispeántas eile

### An mórphictiúr a fháil

1.9 tuiscint ar thábhacht stair na hÉireann agus na hEorpa agus an domhain mhóir thar ghnéithe éagsúla, lena n-áirítear gnéithe polaitiúla, sóisialta, eacnamaíocha, creidimh, cultúrtha agus eolaíochta a léiriú

1.10 tuiscint chróineolaíoch a léiriú trí línte ama a chruthú agus a choinneáil de na pearsana, saincheisteanna agus eachtraí ionas gur féidir iad a aimsiú de réir mar a tháinig siad chun cinn sna tréimhsí staire áirithe.

1.11 naisc a tharraingt agus comparáidí a dhéanamh idir daoine, saincheisteanna agus eachtraí in áiteanna éagsúla agus i dtréimhsí staire áirithe

# 2 Stair na hÉireann

Torthaí Foghlama Stair na Sraithe Sóisearaí

### Príomhathruithe a aithint

2.1 an chaoi a raibh tionchar ag patrún lonnaíochta agus plandála ar fhéiniúlacht oileán na hÉireann, ag tagairt do shampla amháin de phatrún lonnaíochta, forbairt cathracha, mar shampla agus plandáil amháin, a aithint

2.2 iniúchadh a dhéanamh ar ról agus ar thábhacht bheirt cheannairí a bhí páirteach i dtraidisiún parlaiminteach pholaitíocht na hÉireann

2.3 fiosrú a dhéanamh ar an gcaoi a raibh tionchar ag an traidisiún fórsa fisiciúla ar pholaitíocht na hÉireann, agus béim ar leith ar réabhlóid a tharla roimh an bhfichiú haois

2.4 fiosrú a dhéanamh ar theacht chun cinn agus ar thionchar an náisiúnachais agus an Aontachais in Éirinn, lena n-áirítear príomheachtraí idir 1911 agus 1923

2.5 cúisí, cúrsa agus iarmhairtí na dTrioblóidí i dTuaisceart Éireann a aithint mar aon leis an tionchar a bhí acu ar chaidreamh ThuaidhTheas agus Angla-Éireannach

### Daoine, cultúr and smaointe a fhiosrú

2.6 tábhacht stairiúil na Críostaíochta ar oileán na hÉireann a phlé, lena n-áirítear an tionchar a bhí aici ar chultúr agus ar shochaí na Luathré Críostaí

2.7 iniúchadh a dhéanamh ar chúisí, cúrsa agus iarmhairtí an Ghorta, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus fiosrú a dhéanamh ar thábhacht an Diaspóra Éireannaigh

2.8 cur síos a dhéanamh ar thionchar an chogaidh ar shaol mhuintir na hÉireann, ag tagairt don Chéad Chogadh Domhanda nó don Dara Cogadh Domhanda

2.9 an t-athrú atá tagtha ar thaithí na mban i sochaí na hÉireann san fhichiú haois a mhíniú

2.10 míniú a thabhairt ar an gcaoi a raibh tionchar ag gluaiseacht spóirt, chultúrtha nó shóisialta amháin ar shaol na hÉireann

### Smaointeoireacht stairiúil a chur I bhfeidhm

2.11 naisc a dhéanamh idir stair phearsanta, áitiúil nó mhuintire agus pearsana, saincheisteanna gus eachtraí náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta

2.12 an tuairim gurbh deich mbliana thábhachtach ar oileán na hÉireann a bhí sna 1960idí a phlé, ag tagairt do phearsa, saincheisteanna agus eachtraí ábhartha

2.13 anailís a dhéanamh ar theacht chun cinn agus ar fhorbairt nasc na hÉireann leis an Eoraip

# 3 Stair na hEorpa agus An Domhan Mór

Torthaí Foghlama Stair na Sraithe Sóisearaí

### Príomhathruithe a aithint

3.1 imscrúdú a dhéanamh ar shaol daoine i saoránacht ársa nó mheánaoiseach dá rogha féin agus míniú a thabhairt ar an gcaoi ar rannchuidigh gníomhartha agus/nó éachtaí na saoránachta sin le stair na hEorpa agus/nó an domhan mór

3.2 tionchar gabhála agus coilínithe ar dhaoine a mheas ina ndéantar tagairt do thaiscéalaíocht na Portaingéile agus na Spáinne

3.3 an chúis, an cúrsa agus iarmhairtí réabhlóide amháin roimh an bhfichiú haois san Eoraip agus/nó sa domhan mór a scrúdú

3.4 plé a dhéanamh ar phríomhchúisí agus ar chúrsa an Chéad Chogaidh Dhomhanda nó an Dara Cogadh Domhanda agus an tionchar láithreach agus fadtéarmach a bhí ag cogadh ar dhaoine agus ar thíortha

3.5 tábhacht an Chogaidh Fhuair i gcaidreamh idirnáisiúnta san fhichiú haois a aithint

### Daoine, cultúr agus smaointe a fhiosrú

3.6 fiosrú a dhéanamh ar bheatha agus ar bhás sna meánaoiseanna

3.7 suntas a thabhairt ar na hathruithe a tharla i réimse na n-ealaíon agus na heolaíochta, agus béim ar leith ar thábhacht na hAthbheochana

3.8 machnamh a dhéanamh ar thábhacht an reiligiúin, agus béim ar leith ar an Reifirméisean agus gníomhartha leasaitheora amháin

3.9 saol i dtír fhaisisteach amháin agus i dtír chumannach amháin san fhichiú haois a scrúdú

3.10 tábhacht an chinedhíothaithe a fhiosrú, lena n-áirítear cúiseanna, cúrsa agus iarmhairtí an Uileloiscthe

### Smaointeoireacht stairiúil a chur a bhfeidhm

3.11 a mhéid is a chuidíonn forbairtí agus nuálaíochtaí teicneolaíochta le hathrú stairiúil a fhiosrú

3.12 machnamh a dhéanamh ar ról eagraíocht idirnáisiúnta, cosúil leis an Aontas Eorpach nó na Náisiúin Aontaithe, maidir le comhar idirnáisiúnta, ceartas agus cearta daonna a chur chun cinn

3.13 an tuairim gurbh deich mbliana thábhachtacha san Eoraip agus sa domhan mór a bhí sna 1960ídí a phlé, ag tagairt do phearsana, saincheisteanna agus eachtraí ábhartha

3.14 patrúin athraithe thar thréimhsí ama difriúla i dtéama ar leith a léiriú (cosúil le, m.sh. Coireacht agus Pionós, Bia agus Deoch, Súgradh, Spórt agus Caitheamh Aimsire, Faisean agus Dreach nó Sláinte agus Leigheas)

# Cár casadh ort saincheisteanna íogaire sa  seomra Staire?

Oide











**Civil War Executions**

Included in the Military Service Pensions Collection are files relating to seventy-two (72) individuals executed during the Civil War as a result of their service with the anti-Treaty forces. Files for a further two individuals – Michael Grealy (DP1835) and Luke Burke (DP903) – who were also executed during the period are not included to the listing below. These executions have been excluded as the Military Service Registration Board (MSRB) judged, that at the time of the events leading to and at the time of their execution, neither were engaged in active service nor were they members of one of the organisations covered by the legislation.



# Árais Máithreacha agus Naíonán

- Breathnóidh na sleamhnáin seo a leanas ar ábhair a bhaineann le staidéar a dhéanamh ar Árais na Máithreacha agus na Naíonán.
- Cuimseoidh sé fianaise na ndaoine a tháinig slán, fianaise scríofa agus ó bhéal, sonraí, foinsí amhairc, bunábhar foinse scríofa agus tuarascálacha oifigiúla
- Tarraingeoidh sé ar ábhair a chruthaigh an CNCM.



# Torthaí Foghlama i bhfócas

Oide

- 1.6 tairbhe agus teorainneacha na gcineálacha difriúla bunfhoinsí agus foinsí tánaisteacha stairiúla a phlé, cosúil le fianaise i bhfoirm scríbhinn, fianaise físe, cluasfhianaise, fianaise ó bhéal agus fianaise thadhlach; tuiscint a bheith aige ar thábhacht na seandálaíochta agus na teicneolaíochta nua ar fiosrú stairiúil

- 1.11 naisc a tharraingt agus comparáidí a dhéanamh idir daoine, saincheisteanna agus eachtraí in áiteanna éagsúla agus i dtréimhsí staire áirithe

- 2.9 an t-athrú atá tagtha ar thaithí na mban i sochaí na hÉireann san fhichiú haois a mhíniú



# Cén chuma a bhí ar Éirinn san 20ú haois?

- Do pháistí
- Do mhná
- D'fhir
- Cultúr
- Creideamh
- Aitheantas
- Geilleagar
- Aicme Shóisialta
- Go geografach



# Intreoir ar Árais Máithreacha agus Naíonán in Éirinn




- Cén comhthéacs atá riachtanach chun tuiscint chothrom a fháil ar an ngné seo de stair na hÉireann?
- Cad iad na peirspictíochtaí eile a chuirfeá leis?

Cliceáil chun breathnú

# Conas a d'oibrigh an córas?

**Rannpháirtíocht an Stáit**
Léiríonn ról an stáit sna hinstitiúidí seo comhpháirtíocht an rialtais maidir le héagóracha sistéamacha a bhuanú i gcoinne daonraí leochaileacha.

**Tionchar na hEaglaise**
Bhí cumhacht ollmhór ag an eaglais maidir le beartais institiúideacha a mhúnlú, rud a rinne an scéal níos casta idir creideamh agus cóir leighis eiticiúil.

**Maoiniú Poiblí agus Faireachas**
Léiríonn cinntí maoinithe an stáit dearcadh na sochaí i leith grúpaí imeallaithe, ag buanú timthriallta éagóra agus faillí.



# Aonad 1: Breac-chuntas

| Sleamhnán | Uimhir na Gníomhaíochta | Ainm na Gníomhaíochta | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| 3 | 1 | Déileáil leis an stair | Tús eolais ar institiúidí stairiúla na hÉireann agus réamhtheagasc na téarmeolaíochta cuí (ionchur an mhúinteora agus obair i mbeirteanna) |
| 4 | 2 | Ár Spás Cróga | Comhaontú Spáis Chróga a cheapadh (obair i mbeirteanna agus obair i ngrúpa beag, plé ranga uile) |
| 6-7 | 3 | Ailtireacht an tsrianta | Sonraí a bhaineann le hinstitiúidí stairiúla na hÉireann (plé ranga uile) \| Tús eolais ar choincheap ailtireacht an tsrianta (ionchur an mhúinteora) |
| 8-10 | 4 | Ar feadh roinnt mhaith den 20ú haois… | Airteagail ábhartha ó Bhunreacht 1937 (plé ranga uile) \| Saol na mban agus na bpáistí in Éirinn an 20ú haois (ionchur an mhúinteora, obair i ngrúpa beag agus plé ranga uile) |
| 11 | 5 | Suí agus Smaoinigh | Machnamh (obair aonair) |

# Gníomhaíocht 1: Déileáil leis an stair

## Scoileanna saothair

Tuarascáil an Choimisiúin chun iniúchadh a dhéanamh ar mhí-úsáid páistí (2009)

- Do pháistí 'a ndearnadh faillí orthu, ar fágadh ina ndílleachtaí iad nó a tréigeadh', na páistí a rugadh in árais Máithreacha agus Naíonán ina measc.
- Dírithe ar threoir reiligiúnach agus ar oiliúint phraiticiúil (buachaillí – oibrithe feirme, cailíní – cailíní aimsire).
- Bhíodh fiontair bhrabúis, ar nós feirmeacha tráchtála, i gceist go minic ina n-úsáidtí dúshaothrú páistí.
- Bhídís á reáchtáil ag oird rialta; ritheadh reachtaíocht dóibh agus dhéanadh an stát cigireacht orthu, le maoiniú poiblí.

## Neachtlanna Maigdiléanacha

Tuarascáil an Choiste Idir-Rannaigh chun na fíricí a bhunú maidir le baint an Stáit leis na Neachtlanna Maigdiléanacha (2013)

- Do chailíní/do mhná a bhí ceaptha a bheith 'scaoilte', máithreacha 'neamhphósta' ag teacht ó árais Máithreacha agus Naíonán, iníonacha na máithreacha 'neamhphósta', daoine a bhí ceaptha a bheith mar ualach ar theaghlaigh nó ar an stát, daoine a ndearnadh mí-úsáid ghnéis orthu, nó a d'fhás aníos i scoileanna saothair.
- Bhídís á reáchtáil ag oird rialta le brabús a dhéanamh, le maoiniú poiblí agus ag brath ar shaothar cailíní/ban gan phá.

## Árais Máithreacha agus Naíonán

Tuarascáil an Choimisiúin Imscrúdúcháin ar na hÁrais Máithreacha agus Naíonán (2021)

- Do chailíní/do mhná a d'éirigh torrach lasmuigh den phósadh.
- Choinnítí mná ar feadh tréimhsí éagsúla tar éis don pháiste teacht ar an saol, ag déanamh obair fhisiciúil gan phá, ar nós glantacháin, cócaireachta, ag tabhairt aire do pháistí (nárbh iad a bpáistí féin i gcónaí iad). Aistríodh roinnt ban go díreach chuig/ó na Neachtlanna Maigdiléanacha. Páistí nár fhág lena máithreacha nó nach bhfuair bás sna hárais, blianta níos deireanaí in amanna, rinneadh iad a chur amach ar lóistín (a chur ar altramas), a uchtú (go dleathach/go neamhdhleathach) nó a chur chuig scoileanna saothair.
- Bhídís á reáchtáil ag oird rialta; ritheadh reachtaíocht dóibh agus dhéanadh an stát cigireacht orthu, le maoiniú poiblí.

NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

# Gníomhaíocht 5: Freagracht

… Bheadh sé éasca, ach ní bheadh sé an-chruinn, diúltú don mhéid a tharla i gcúram páistí san am a caitheadh ó tharla nach bhfuil aon bhaint aige sin linne; chun mná rialta agus cléirigh aonair nó oird rialta iomlána a dhamnú agus milleán a chur ar 'an Eaglais' as an méid a tharla; chun muid féin a dhealú uaidh agus muid a shaoradh ó mhilleán. **Bhí an tsochaí trí chéile comhfhreagrach as an méid a tharla.**

An tSiúr Stanislaus Kennedy, oibrí sóisialta, gníomhaí agus scríbhneoir

Tháinig an Eaglais agus an Stát le chéile chun an bunreacht a scríobh, agus is é sin an conradh a gcaithfidh gach saoránach cloí leis. Mar sin, **tá an fhreagracht ar réimeas na hEaglaise agus an Stáit, agus ní ar mhuintir na hÉireann.** … Bhí muidne mar shochaí, faoi stiúir na hEaglaise agus an Stáit go comhéigneach le hiompar ar bhealaí nach raibh ar aon dul lenár suáilcí.

Laura Murphy, iníon marthanóra ó áras Máithreacha agus Naíonán

# Suíomhanna roinnt Áras Máithreacha agus Naíonán ar fud na hÉireann




- Cén chaoi a dtabharfadh léarscáil mar seo deis spéis na scoláirí a spreagadh sa stair áitiúil nó náisiúnta?

- Ar chruthaigh tú do léarscáileanna féin le húsáid sa seomra staire

# Cén fáth ar cheart fianaise ó bhéal a úsáid?

- Líontar bearnaí san fhianaise stairiúil
- Faightear cuntais phearsanta
- Tugtar guth do dhaoine atá eisiata ó thaifid stairiúla thraidisiúnta
- Peirspictíochtaí nua agus éagsúla
- Ceistítear ár ndearcadh ar an am atá thart
- Caomhnaítear cuimhne
- Comhfhiosacht stairiúil
- Déantar doiciméadú ar thraidisiúin agus ar scéalta a cuireadh ar aghaidh ó ghlúin go glúin
- Cuirtear mothúchán le foinsí



# Breithnithe maidir le fianaise ó bhéal a úsáid

- Cad iad na breithnithe a chaithfidh tú a dhéanamh sula gcasfaidh tú cuntais ó bhéal sa rang?
- Cén chaoi a n-úsáideann tú cuntais ó bhéal sa seomra Staire?

# Breithnithe fianaise ó bhéal

**An t-agallóir:**

Cuspóir, ceisteanna a chuirtear agus a fhágtar ar lár, am, eagarthóireacht, caidreamh nó nasc leis an duine atá faoi agallamh

**An t-agallaí (staraí, finné, rannpháirtí):**

Intinn, cuimhne, iontaofacht, easnaimh (d'aon ghnó nó de thaisme), ceisteanna a chuirtear, am atá imithe thart ó tharla an eachtra



# Fianaise finné: P.J. Haverty



# Fianaise finné: P.J. Haverty

Oide



Agallamh le P.J. Haverty,
Ollscoil na Gaillimhe,
Aitheantas Sócmhainne 17091,
Aitheantas taifead cartlainne TOHP.

- Cad é a d'fhoghlaim tú ó bheith ag éisteacht leis an ngearrthóg seo?
- Cad iad na ceisteanna atá agat fós?

Cliceáil chun breathnú

# Gníomhaíocht Staire Béil

Oide




Catherine Corless
Staraí
Pléann sí a próiseas taighde ar Áras Máithreacha agus Naíonán Thuama.




Teresa O'Sullivan
Fianaise Mharthanóra
(Tuam Oral History Project).




Dr Sarah-Anne Buckley
Léachtóir Sinsearach i Ollscoil na Gaillimhe. Múineann sí modúil fochéime ar leanaí agus an stát, inscne i stair na hÉireann, an Bhreatain san fhichiú haois, gluaiseachtaí sóisialta na Breataine agus an teaghlach in Éirinn an lae inniu.




Daniel MacSweeney
An Stiúrthóra um Idirghabháil Údaraith Tuaim. Iar-Thoscaire Choiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge ar Dhaoine ar Iarraidh i réigiún Chugais ó 2021-2023, Ceann Oibríochtaí Cosanta an CICD ó 2016-2021.

# Aiseolas

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Tacaíochtaí do mhúinteoirí

Oide

Oide

## Leagan an Mhúinteora: Ag éisteacht le cuntas ó bhéal sa Stair

### Breithnithe réamh-éisteachta




**Mar mhúinteoir, cad is gá dom a bheith ag smaoineamh air?**

- Pleanáil: aois agus céim oiriúnach
- Eolas ar an topaic: comhthéacs agus inneachar
- Inneachar fuaime
- Réamhtheagasc focail nó coincheapa deacra
- An seomra ranga a shocrú: cruthaigh 'Spás Cróga'
- Oibrigh amach an réamheolas
- Cuir dearcadh an chainteora in iúl agus mínigh an tábhacht a bhaineann le héisteacht le cuntais phearsanta chun an stair a thuiscint

### Le linn éisteachta

**Roghnaigh cur chuige:**

1. Sosanna: stop an taifeadadh ag ócáidí tábhachtacha le haghaidh plé nó le ligean do scoláirí machnamh a dhéanamh
2. Seinn go hiomlán agus tóg sos ag príomhócáidí le linn an dara éisteacht
3. Cuir éisteacht ghníomhach chun cinn: glan an deasc
4. Ceisteanna éifeachtacha: bíodh ceisteanna réamhphleanáilte agat
5. Tóg nótaí: saor-láimhe, sceitseáil, mapáil intinne srl.



### Iar-éisteacht




**Roghnaigh cur chuige:**

- Seiceáil isteach: tabhair athchuairt ar an 'Spás Cróga'
- Am machnaimh
- An dara héisteacht
- Plé ranga
- Deiseanna taighde

FACING HISTORY & OURSELVES

dúchas.ie

ORAL HISTORY SOCIETY

Everybody's story matters

# Tacaíochtaí do scoláirí



## Leagan scoláirí: Ag éisteacht le cuntas ó bhéal sa Stair

### Breithnithe réamh-éisteacht

**Cuntais ó bhéal**

- Cén fáth a bhfuil stair béil tábhachtach chun foghlaim faoin am atá thart?
- Cén difríocht atá idir stair béil agus cineálacha eile foinsí?
- Cad iad na buntáistí a bhaineann le cuntais ó bhéal?
- Cad iad na srianta a bhaineann le cuntais ó bhéal?





**Topaic**

- Cad é atá ar eolas agam cheana féin faoin ábhar seo? (cúlra, príomhimeachtaí, dátaí, príomhphearsana agus suíomhanna, srl)
- Cad iad na ceisteanna atá agam?
- Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach éisteacht le cuntais phearsanta?
- Cad iad na cineálacha eile foinsí agus cuntais stairiúla a cheapann tú a bheidh an-chabhrach chun eispéiris na ndaoine a bhí beo ag an am sin a thuiscint?



## Leagan scoláirí: Ag éisteacht le cuntas ó bhéal sa Stair

### Le linn éisteachta



**Roghnaigh cur chuige:**

1. Éisteacht ghníomhach: glan an deasc
2. Nótaí a dhéanamh: saor-láimhe, sceitseáil, mapáil intinne srl.

**Tabhair do d'aire an méid seo a leanas:**

1. Príomhthéarmaí, ainmneacha, dátaí, príomhcheisteanna, aon rud nach bhfuil eolas acu air
2. Cad é a sheas amach duit le linn an taifeadta?
3. Cén chaoi a ndéanann an cainteoir cur síos ar a thaithí phearsanta nó ar a chuimhní cinn?
4. Ar chuala tú aon rud a chuir iontas ort nó a cheistigh an méid a cheap tú a bhí ar eolas agat faoin ábhar?
5. An féidir leat aon ghnéithe de scéal an chainteora a aithint a d'fhéadfadh a bheith ceangailte le comhthéacsanna stairiúla níos mó le linn an ama sin?





## Leagan scoláirí: Ag éisteacht le cuntas ó bhéal sa Stair

### Iar-éisteacht






- Cén t-eolas nó léargais nua a fuair tú ón gcuntas seo?
- Cén difríocht atá idir dearcadh an chainteora agus stair scríofa nó foinsí eile a ndearna tú staidéar orthu?
- An gceapann tú gur foinse iontaofa í an stair ó bhéal? Cén fáth gurb ea nó cén fáth nach ea? Cad é a mbeadh tionchar aige ar iontaofacht na staire ó bhéal?
- An gceapann tú go bhfuil sé tábhachtach stair phearsanta mar seo a chaomhnú agus a roinnt? Cén fáth a bhfuil nó nach bhfuil?
- Cén chaoi a ndéanann an cuntas do thuiscint ar stair na hÉireann a cheistiú nó a threisiú?
- Cén bhaint atá ag scéal an duine seo le téamaí móra i stair na hÉireann, mar shampla inscne, cumhacht, reiligiún, agus geilleagar agus stair shóisialta?
- Cén chaoi a mbeadh na heispéiris phearsanta a roinntear sa chuntas seo difriúil leis an insint stairiúil ghinearálta?

- Tar éis éisteacht an dara huair, cuir tuilleadh faisnéise le d'achoimre agus déan comparáid le comhpháirtí cad é a sheas amach dó/di sa ghearrthóg.
- Cén cheist atá agat fós?
- Tuilleadh taighde



# Breithnithe maidir le foinsí scríofa a úsáid



Cuntais




Sonraí



| | |
|---|---|
| A. Altreich | 131.800 |
| Ostmark | 43.700 |
| Ostgebiete | 420.000 |
| Generalgouvernement | 2.284.000 |
| Bialystok | 400.000 |
| Protektorat Böhmen und Mähren | 74.200 |
| Estland - judenfrei - | |
| Lettland | 3.500 |
| Litauen | 34.000 |
| Belgien | 43.000 |
| Dänemark | 5.600 |
| Frankreich / Besetztes Gebiet | 165.000 |
| Unbesetztes Gebiet | 700.000 |
| Griechenland | 69.600 |
| Niederlande | 160.800 |
| Norwegen | 1.300 |
| B. Bulgarien | 48.000 |
| England | 330.000 |
| Finnland | 2.300 |
| Irland | 4.000 |
| Italien einschl. Sardinien | 58.000 |
| Albanien | 200 |



Return to an Address of the Honourable the House of Commons dated 15 June 2010 for the

Report of the
**Bloody Sunday Inquiry**

The Rt Hon The Lord Saville of Newdigate (Chairman)
The Hon William Hoyt OC
The Hon John Toohey AC

Ordered by the House of Commons to be printed on 15 June 2010

**Volume I**

Outline Table of Contents
General Introduction
Glossary
Principal Conclusions and Overall Assessment
The Background to Bloody Sunday

This volume is accompanied by a DVD containing the full text of the report

HC29-I London: The Stationery Office £572.00 10 volumes not sold separately

Tuarascálach
a oifigiúla







Leabhair

# Taifid scríofa

Irish Newspaper Archives

Treoir chun teacht ar Chartlann Nuachtáin na hÉireann trí Scoilnet.ie

**Rochtain**

1. Register with Scoilnet.ie or login to your account.
2. Cláraigh le Scoilnet.ie nó logáil isteach má tá cuntas agat cheana.
   https://www.scoilnet.ie/scoilnet/tools-for-teachers/ina/










**Cuardach a Bheachtú ar Chartlann Nuachtáin na hÉireann**

- Eochairfhocail
- Roghnaigh roinnt foilseachán nó na foilseacháin go leor
- Paramedian dhatu
- An leagan téacs a úsáid le haghaidh roctaine
- Doiciméid a íoslódáil i bhfoirm PDF

# Irish Newspaper Archives

Oide

Strabane Chronicle 1908-current, 09.06.1962. Lch 4

## LE HUCHTÚ

Le huchtú, beirt Naíonán Caitliceach Rómhánach sláintiúil, Colm 5 mhí d'aois, agus Ciarnán, 3 mhí d'aois. Cuir iarratas chuig Bosca 513, an Oifig seo.

Sunday Independent 1906-current, 26.07.1958, Lch 2

## An bhfuil sé ciallmhar uchtú?

Scríobhann Máire chun fiafraí ar chóir di féin agus a fear céile, Liam, leanbh nár rugadh go fóill a uchtú. Smaoinigh siad i gcónaí ar leanbh a thógáil ó dhílleachtlann, mar níl aon leanaí dá gcuid féin acu. Tá an scéal tar éis éirí níos práinní anois mar tá aithne ag sagart-chara dá gcuid ar chailín neamhphósta a mbeidh leanbh aici go luath agus atá ag iarraidh go mbeadh teach maith ag an leanbh.

Irish Press 1931- 1955, 06.03.1971, Lch 10

## Comhairle do Mháithreacha Neamhphóstatorrach

Tar éis dóibh breithniú a dhéanamh ar feadh tamaill ar staid mhí-ámharach an chailín thorraigh neamhphósta in Éirinn, cuireann Comhchoiste Chumann na mBan fáilte ó chroí roimh an moladh a rinneadh ag Comhairle Chill Chainnigh don Mháthair Neamhphósta agus dá Leanbh.

Tá an Comhchoiste, de réir thaithí roinnt dá chomhaltaí, ar an eolas faoin mearbhall intinne a bhíonn ar chailín torrach neamhphósta. Tá gá práinneach le lárionad inar féidir léi treo a lorg, i sáinn den sórt sin. Ansin d'fhoghlaimeodh sí, mar shampla, faoi roghanna eile seachas áras na máithreacha agus na naíonán, mar shampla socrúchán teaghlaigh. Soláthraíonn an dara rogha sin timpeallacht an-nádúrtha di, áit ar féidir léi go leor dá cuid fadhbanna a réiteach.

Is í todhchaí a linbh an fhadhb is mó atá aici, agus sa teaghlach a roghnaíodh go speisialta déanfaidh sí breithniú, ar a suaimhneas, ní hamháin ar uchtáil ach ar roghanna eile seachas uchtáil.

Má thagann méadú ar líon na gcailíní torracha a chaithfidh dul go Sasana, tá sé thar am dúinn áiseanna a fheabhsú anseo. Chabhródh comhlacht cosúil leis an gComhairle atá beartaithe leo fanacht in Éirinn.

PHYLLIS HUET,
Rúnaí Onórach
Comhchoiste
Chumainn Ban agus
Oibrithe Sóisialta
Faiche Stiabhna

Irish Examiner 1841-current, 17.03.1972, Lch 17

ÁRAS MÁITHREACHA AGUS NAÍONÁN PROTASTÚNACH

BAILE ÁTHA CLIATH, 4

AR LORG

**CNÁIMHSEACH FOIRNE CHÓNAITHEACH**

Ochtar othar ar an meán

Teach Altranais nua-aimseartha cláraithe le téamh lárnach i mbruachbhailte Bhaile Átha Cliath.

Níl ar dualgas agus tuarastal ar scála Cnáimhseachais Foirne le scéim pinsin neamhranníocach.

Cuir iarratas chuig:

An Mátrún

Teileafón 693273

Southern Star 1892-current, 06.10.1956, Lch 8

**Cumann Uchtála Naomh Anna**

**Teach Sagairt an Locha**

**Corcaigh**

Cathaoirleach An Dr. Lucey

Is Cumann Uchtála cláraithe é Cumann Uchtála Naomh Anna atá aitheanta ag an Stát as gach áis a chur ar fáil dóibh siúd ar mian leo leanaí a uchtú. Tá leanaí ar fáil le huchtú in Éirinn amháin. I bhformhór na gcásanna, tá na páistí seo faoi bhun bliana d'aois, ach tabharfar comhairle dóibh siúd ar spéis leo leanaí suas le dhá bhliain a uchtú. Ní thugtar aon táille, agus ní chuirtear aon táille leis ó na huchtaitheoirí.

Ní féidir ach le lánúin phósta atá ina gcónaí le chéile, nó le baintreach, leanbh a uchtú (ach amháin i gcúinsí eisceachtúla), agus ní mór d'uchtaitheoirí a bheith tríocha bliain d'aois ar a laghad. Ba chóir d'iarratasóirí ar an gCumann dá bhrí sin, a n-aois a thabhairt, agus ba chóir dóibh teistiméireacht óna sagart áitiúil a chur faoi iamh freisin. Déileálfar le gach cumarsáid go huile is go hiomlán faoi rún.

Is féidir fiosrúcháin a sheoladh chuig an Rúnaí: OIR. J. GOOD, Teach Sagairt an Locha, Corcaigh

# Tacaíochtaí do fhoinsí scríofa

Oide

Oide

## Treoir do Scoláirí agus iad ag obair le Foinsí

| | |
|---|---|
| Cé – cé a rinne an fhoinse- an raibh tuairim acu nó an raibh siad claonta? An raibh siad féin rannpháirteach? | |
| Cén t-eolas a thugann an fhoins… iomlán é? An bhfuil sé cruinn? | |
| Cén fáth – cén fáth a ndearnadh… ndearnadh í chun tuairim ar leith… dhaoine? | |
| Cén uair – an ndearnadh í ag an… duine seo ann? | |
| Cén áit – cá ndearnadh an fhoin… ag an duine leis an ócáid? An rai… | |
| Sainaithin an fhoinse – an foinse… thánaisteach í? Cé a scríobh í? | |
| Údar/ealaíontóir? - a gcreideamh… bpost srl. a chur san áireamh | |
| Cuir i gcomhthéacs é – cad iad r… tharla nó a bhí ag tarlú nuair a cr… Cérbh é an lucht spéise a bhí i g… | |

Oide

## Breithiúnais a Dhéanamh

| 1. Bain úsáid as na scileanna anailíse seo | | 2. Chun údar a thabhairt leis na scileanna meastóireachta sin |
|---|---|---|
| **Eolas**: Cad é brí fhollasach/intuigthe na foinse seo? Conas a chomhdhearbhaíonn / a bhréagnaíonn an fhoinse seo an fhaisnéis ó fhoinse eile? | | **Úsáideacht** Cé chomh hábhartha is atá an fhoinse seo don topaic a bhfuil tú ag déanamh staidéir uirthi? |
| **Bunús:** Cé a chruthaigh an fhoinse? Cén cineál foinse agus cén sórt foinse í? | | |
| **Peirspictíocht:** Cén dearcadh ar cruthaíodh an fhoinse seo uaidh? | | **Iontaofacht** Cé chomh hiontaofa is atá an fhoinse? |
| **Comhthéacs:** Cén uair a cruthaíodh an fhoinse? Cad iad na himeachtaí stairiúla a tharla ag an am seo atá tábhachtach i dtaca le cruthú na foinse seo? | | |
| **Lucht Spéise:** Cérbh é an lucht spéise ar a raibh an fhoinse dírithe? | | |
| **Bunchúis:** Cad chuige a ndearnadh an fhoinse seo? | | |
| 3. Chun do bhreithiúnas a dhéanamh… | | |

Oide

## Foinsí Ceistiúcháin

| Ceisteanna Liteartha | Ceisteanna Infeireacha | Ceisteanna Mheastóireachta |
|---|---|---|
| Cé a chruthaigh an fhoinse? Cé dó ar cruthaíodh an fhoinse? | Cén fáth a léirítear an duine aonair nó an grúpa san fhoinse ar bhealach ar leith i do thuairim? Mínigh do réasúnaíocht. | An léiríonn an fhoinse aon chlaonadh? An bhfuil cruthaitheoir na foinse ag iarraidh go díreach ceann amháin den iliomad peirspictíochtaí a chur i láthair? Cad iad na focail /frásaí / íomhánna a thugann claonadh le fios? |
| Cad é atá ar eolas agat faoin té a chruthaigh an fhoinse? D'fhéadfá smaoineamh ar na nithe seo a leanas: aois, inscne, seasamh sóisialta, slí bheatha, creideamh reiligiúnach, tuairimí polaitiúla srl. | Cén fáth a ndearna a cruthaitheoir an fhoinse seo? Smaoinigh cé acu chun airgead a dhéanamh, dul i bhfeidhm ar dhaoine, a dtaobh den scéal a insint, imeacht a thaifeadadh, duine a cháineadh srl. a rinneadh é | An bhfuil aon chuid den fhoinse a bhfuil an chuma uirthi go bhfuil sí míchruinn? Déan cur síos orthu seo agus mínigh cén fáth a gcreideann tú go bhfuil na codanna seo míchruinn. |
| Cén uair---- a cruthaíodh an fhoinse? | Cén lucht féachana a bhí beartaithe don fhoinse seo? Cén freagra dar leat a ba mhian leis an gcruthaitheoir a thabharfadh an lucht féachana/éisteachta? | An bhfuil an fhoinse a bhfuil tú ag féachaint uirthi ag teacht lé foinse eile ar fhéach tú uirthi, nó á bréagnú,? Cad é an fhoinse eile í sin? |
| Cad é a bhí ag tarlú ag an am? Smaoinigh ar imeachtaí suntasacha, an staid pholaitiúil, gnáth-thuairimí agus claontachtaí coitianta, noirm shóisialta srl. | Liostaigh fianaise ón bhfoinse agus do chuid eolais faoin té a chruthaigh a thug ort do chonclúidí a dhéanamh. | Liostaigh fianaise ón bhfoinse agus do chuid eolais faoin té a chruthaigh a thug ort do chonclúidí a dhéanamh. |

# Tacaíochtaí litearthachta







Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Machnamh

Oide

- Ar ról an staraí follasach
- Abhair íogair a mhúineadh
- Fianaise ó bhéal



Oide

# Am sosa.
# Feicfidh mé sibh i gceann 20 nóiméad.



SCAN ANSEO

Liosta seoltai

Lean muid ar X @Oide_History